



Leabhar Polasaithe Choláiste Íde

2020-2021

ÁR N-AIDHMEANNA MAR FHOIREANN

Na scoláirí a ullmhú chun a n-áit a ghlacadh go fiúntach sa sochaí trí chabhrú leo chun:

- Iad féin a fhorbairt go hiomlán ó thaobh anama, coirp, mothúchán agus intleachta, de réir na mbuanna atá acu
- Meas a bheith acu orthu féin, ar Dhia agus ar dhaoine eile
- Meas a bheith acu ar an gcultúr Gaelach – tír, teanga agus traidisiún
- Luachanna cearta a bheith acu mar threoir dá mbeatha
- Dúil sa léann a chothú iontu féin

RIALACHA CHOLÁISTE ÍDE

Tá na rialacha inghlactha agus cothrom agus tacaíonn tuismitheoirí, foireann, an Bord Bainistíochta agus Bord na n-Iontaobhaithe leo.

Éilítear ar gach scoláire;

- Dílseacht a thaispeáint do mhana an Choláiste, “Glaine ár gCroí”
- Gaeilge a úsáid mar theanga chumarsáide agus foghlamtha i gcónaí
- Dea-iompar a chleachtadh agus dea-bhéasaí a úsáid i gcónaí
- Bheith freagrach as a maoin pearsanta féin – airgead san áireamh

IARRTAR AR GACH SCOLÁIRE

Meas uirthi féin, ar a comhscoláirí agus ar an bhfoireann teagaisc agus tí a léiriú trí:

- A riachtanais scoile agus staidéir a bheith aici
- Tráthchlár na scoile a leanúint i rith an lae agus sa staidéar
- Obair bhaile agus staidéar a dhéanamh i slí shásúil de réir an pholasaí obair bhaile
- Treoracha múinteoirí, feitheoirí agus ceannairí a leanúint i gcónaí
- Éide scoile agus spóirt néata iomlán, beifear ag súil go gcaithfidh gach scoláire an éide scoile le bród agus le háthas agus déanfar cigireacht air
- Sciorta scoile a théann go dtí an ghlúin, le fáithim agus líneáil néata
- Bríste Scoile
- Geansaí scoile le cruth maith
- Blús scoile néata
- Riteoga dubha
- Bróga dubha láidir sábháilte le sála íseal agus le lása dubha amháin (níl bróga reatha, bróga canbhás nó “pumps” ceadaithe)
- Gruaig a bheith néata agus in oiriúint dos na ranganna/staidéar
- Glacfar le dath nádúrtha/gnáth dhath amháin sa ghruaig
- Gan smideadh, dath bréige nó vearnais iongan a chaitheamh
- Gan seodra a chaitheamh ach amháin uaireadóir agus fainne simplí
- Tá seodra polltach ceadaithe ar **liopa na cluaise** amháin agus is péire beag agus discréideach studa amháin atá ceadaithe

CHUN SLÁINTE AGUS SÁBHÁLTACHT A DHEIMHNIÚ NÍ MHÓR

- Siúl ar chlé ins na pasáistí i gcónaí
- Poncúlacht a chleachtadh tríd an gclog a fhreagairt ar an bpointe
- Gan ithe ins na ranganna ná an staidéar
- Tá gach dalta freagrach as a háit féin. Coimeád gach áit glan, néata agus i dtreo
- Lean treoracha an mhúinteora maidir le húsáid aon fhearais scoile, mar shampla corpoideachas, fiú nuair nach mbíonn siad i láthair
- Caithfidh fearas sábháilte oiriúnach a bheith agat agus tú i mbun caitheamh aimsire
- Tá cosc iomlán ar ghuma coganta

- Tá cosc iomlán ar channaí aerasól
- Tá cosc iomlán ar dheochanna fuinniúla
- Tá cosc iomlán ar alcól, toitíní agus drugaí

SEOMRA AN BHÍDH

- Bí in am dos na béilí
- Bí ciúin le linn an Altú agus fógraí an lae
- Cleachtaigh béasaí boird
- Ná rith i Seomra an Bhídh nó i Seomra Freastail riamh
- Fan ag do bhord féin agus labhair leis na cailíní eile
- Tabhair cabhair chun an glanadh a dhéanamh

NA SUANLIOSAÍ

- Coimeád d'áit go néata, glan agus in ord
- Bain úsáid as an gclár corc chun griangrafanna/postaíirí a chrochadh
- Ná fág tuáillí ag crochadh thar doirse/fallaí
- Ná téir isteach i seomra dalta eile gan an dalta sin a bheith i láthair
- Níl cead ag aon dalta dul isteach i do sheomra nuair nach bhfuil tú i láthair
- Tá cead agat iPod/iPad s.rl a úsáid ach ní chun teagmhála/uaslódáil tar éis 10.30i.n.
- Cinntigh nach bhfuil aon gléasra fágtha ag lochtú nuair nach bhfuil tú i láthair
- Coimeád rudaí luachmhara faoi ghlas, coimeád eochair do vardrús leat i gcónaí

GINEARÁLTA

- Bíodh meas agat ar threalamh - tá an té a dhéanann dochar freagrach as an gcostas
- Meas agus ómós a léiriú sa Séipéal
- Tabhair aon leigheas atá agat don oifig nó don mBanaltra
- Níl cead leigheas a thabhairt do chailín eile
- Abair le duine atá i bhfeighil láithreach má mhothaíonn tú breoite/tinn
- Níl cead dul ag snámh sa bhfarraige
- Níl cead dul ar an mbóthar poiblí
- Tá cead ag bliain 3,5,6 dul timpeall an fháinne óna 4-5 pm. ach síniú amach/isteach
- Caithfear polasaí fón póca a bheith léite agus sínithe agus seolta roimh tús na bhliana
- Ní ghlacann Coláiste Íde freagracht sa chás is go bhfuil an 2ú fón póca nó gléasra teagmhála eile in úsáid ag scoláire in aon slí a bhriseadh an Polasaí Fón Póca nó an Polasaí Líonraithe Shóisialta. Sa chás is go bhfuil a leithéid ag tarlú déanfar teagmháil le thuismitheoirí láithreach agus iarrfar ortha déileáil leis an gcliseadh ar an bpointe. Tá na polasaithe i bhfeidhm ar mhaithe le sábháilteacht gach scoláire i gColáiste Íde agus iarrtar ar gach thuismitheoir tacú go hiomlán leo
- Ná tabhair ábhair mí-oiriúnach – leabhair, póstaer, irisleabhair, scannáin 7rl. go dtí an coláiste
- Tá caitheamh tobac, alcól agus drugaí coiscithe pé acu laistigh nó lasmuigh den Choláiste é, i rith na dtéarmaí scoile. Tá polasaí i leith drugaí, caitheamh tobac agus alcóil i bhfeidhm
- Tá polasaí i gcoinne tromaíochta i bhfeidhm sa Choláiste agus le fáil ar shuíomh idirlíon an choláiste: www.colaisteide.com

CUAIRTEOIRÍ/DUL AMACH

- Tá cead dul amach le cuairteoirí tar éis scoile agus ag an deireadh seachtaine. Ní ghlacfar le cead ach amháin ón seoladh / seoltaí ríomhphoist údaraithe a úsáidtear sa

bhfoirm cheada a chuirfear isteach gach bliain agus féadfar dearbhú a iarraidh trí uimhir theileafóin thuas.

- Má tá scoláire ag dul amach le cuairteoirí caithfidh cead i scríbhinn ó thuismitheoirí go dtí info@colaisteide.com roimh a **cúig a chlog ar an nDéardaoin** roimh ré, ní féidir scoláire a scaoileadh ón gColáiste gan an cead seo. Beidh ar an scoláire agus an duine atá á tógaint as an gColáiste foirm a shíniú ag deimhniú ag glacadh freagracht iomlán as an scoláire.
- Ní ghlacfar le cead ó thuismitheoir ar theachtaireacht riamh ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht.
- Is féidir aitheantas a lorg ar chuairoteoir agus cóip de a choiméad i gcomhad don bhliain acadúil.
- Más mian leat daoine breise a chur leis an liosta cuir isteach cóip le do thoil tré chóip chrua sínithe a chur chuig Coláiste Íde.
- Caithfidh cuairteoirí go bhfuil cead acu scoláire a thógaint ón gcoláiste foirm a shíniú a ghlacann freagracht as an scoláire agus iad faoina gcúram
- Ar mhaithe le sábháilteacht agus leas an scoláire, ní cheadaítear do scoláire an coláiste a fhágaint riamh gan a bheith faoi chúram duine fásta seachas sa chás is go bhfuil an scoláire ag taisteal abhaile nó ag taisteal go dtí comhairleoir nó ranganna seachtrach, áit ina mbeidh siad ag dul faoi chúram duine fásta ar aon nós.
- Mura mian leat cead a thabhairt do do iníon a bheith bailithe / cuairte seachas ag thuismitheoirí cuir tic sa bhosca sa bhfoirm cead dul amach, sínigh agus cuir ar ais chuig Coláiste Íde é faoi Iúil 19 2019
- Ní ghlacann Coláiste Íde freagrach ar bith as sláinte sábháilteacht nó leas scoláirí nuair atá siad lasmuigh don gColáiste.

TINREAMH

Beifear ag súil le tinreamh rialta, ón Luain go dtí an Aoine idir 8:45r.n. go dtí 4:00i.n. gach lá. Beifear ag súil le nóta ó thuismitheoirí /caomhnóirí má bhíonn cailín as láthair. Tá cead scríofa ón thuismitheoir /caomhnóir riachtanach má chaitheann cailín an scoil a fhágaint go luath. Nuair a fhilleann cailín ar an scoil, cuir é sin in iúil don bhfeitheoir atá i bhfeighil/ oifig a luaithe agus is féidir. Tá an polasaí Tinreamh le fáil ar shuíomh idirlíon an choláiste: www.colaisteide.com.

CÓD IOMPAIR

Tá an Cód Iompair le fáil ar shuíomh idirlíon an choláiste: www.colaisteide.com, agus iarraidimid oraibh é a léamh go cúramach go háirithe.

Modhanna chun deá iompar a mhúscailt.

Luachanna saothair.

Idirbheartaíocht/ smachtbhannaí.

POLASAÍ LÍONRATHE SHÓISIALTA/ POLASAÍ ÚSÁIDE INGHLACHTA

An t-Idirlíon

Tá na polasaithe le fáil ar an suíomh www.colaisteide.com agus tá dualgas ar gach scoláire an t- idirlíon agus na meáin a úsáid ar bhealach freagrach, de réir na polasaithe.

Caithfear an fhoirm seo a shíniú agus sheoladh go dtí Coláiste Íde **roimh an 30ú Iúil 2020**
This form must be signed and returned to Coláiste Íde **no later than July 30th 2020**



Dearbhaímid go bhfuil an Leabhar Polasaithe léite againn agus táimid sásta glacadh leis na treoracha go léir

We confirm that we have read the College Policy Booklet and we are willing to abide by the guidelines;

Síniú an Tuismitheora:

(Signature of Parent)

Priontáil d'ainm

(Print Name)

Síniú an Dalta:

(Signature of Student)

Priontáil d'ainm

(Print Name)

Dáta: ___/___/___

(Date)